Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 36

# Cosaint

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar an Oifig sin, ar phá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €6.172 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Stoc a luacháil***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ar a meánchostas. Déantar stoic an Aerchóir a luacháil ar a bpraghas ceannaigh. Déantar stoic na Roinne a luacháil ar an bpraghas ceannaigh is déanaí a bhí orthu. Tá earraí áirithe a rinneadh a athchóiriú ar áireamh i stoic Mhíleata agus an Aerchóir.

***Sócmhainní Caipitiúla***

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear ar áireamh iad i sócmhainní caipitil (Nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta in Aguisín A. Úsáidtear iad sin ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoine uathúla agus tiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go mbaintear úsáid astu, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta ar áireamh mar chuid de nóta 2.2 – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgneamh ar áireamh i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

***Dímheas***

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata agus ar mhótarfheithiclí Cosanta Sibhialta anuas chuig luachanna iarmharacha ar rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Oibríonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás 23 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán in 2020 agus €818,471 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- méadaíodh dhá chonradh ar a raibh luach €56,650 os cionn an bhunluacha mheasta
- bhí ceithre chonradh ar a raibh luach €156,446 ag feitheamh le go gcríochnófaí socruithe lárnacha ceannaigh
- síneadh ocht gconradh ar a raibh luach €240,736 i ndiaidh théarma an chonartha bunaidh
- cuireadh moill ar naoi gconradh ar a raibh luach €364,639 ar feitheamh toradh athbhreithnithe inmheánaigh beartais.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na 23 chonradh sin, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí seo rialacha maidir le soláthar iomaíoch a thapúla agus is féidir.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear na 23 chonradh a dtugtar cuntas orthu thuas, seachas trí chonradh ar a bhfuil luach €76,106, ar áireamh sa tuairisceán seo.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí sonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus an Bord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar thosach phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus tugadh oibriú cianda agus fíorúil isteach, i gcás gur phraiticiúil agus gur chuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, thug an lucht bainistíochta faoi mheasúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, na rialuithe reatha agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse, maidir leis an gcuntas leithreasa,

- léirítear go cuí ann fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bunús na tuairime*

Sheol mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Táim neamhspleách ar an Roinn Cosanta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach agus ar cheisteanna eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, anuas ar an gcuntas leithreasa, i láthair. Déantar cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

#### *Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur thit cásanna ábhartha neamhchomhlíonta rialacha náisiúnta soláthair amach maidir le conarthaí a oibríodh in 2020.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2021

## Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin | 781,031 | 780,999 | 756,094 |
| **Ollchaiteachas** | | **781,031** | **780,999** | **756,094** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **24,070** | **30,210** | **32,154** |
| **Glanchaiteachas** | | **756,961** | **750,789** | **723,940** |

**Farasbarr**

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **6,171,741** | **11,372,702** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Cosanta

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 754,376 | 733,063 |
| Riarachán – pá | | 19,691 | 18,586 |
| Riarachán – neamhphá | | 6,932 | 4,445 |
| **Ollchaiteachas** | | **780,999** | **756,094** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **30,210** | **32,154** |
| **Glanchaiteachas** | | **750,789** | **723,940** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (121,708) | | |
| Dímheas | 57,007 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 457 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 124 | (64,120) | (58,052) |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (11,714) | (15,495) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,206) | | |
| Méadú ar stoc | (3,886) | (5,092) | (51) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **669,863** | **650,342** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | 11,510 | | |
| Measchíosanna | 1,339 | | |
| | | **12,849** | **12,899** |
| **Glanchostas an chláir** | | **682,712** | **663,241** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh maidir le vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (432) | (422) |
| Vóta 2 | Roinn an Taoisigh | (85) | (82) |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4 | 9 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 11,813 | 11,575 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 643 | 531 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,002 | 898 |
| Vóta 35 | Arm-Phinsin | (1,646) | (1,378) |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 71 | — |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 140 | 126 |
| | | **11,510** | **11,257** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 587,408 | 553,482 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.2 | 6,660 | 6,012 |
| | | 594,068 | 559,494 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 17,038 | 19,267 |
| Stoic | 2.4 | 220,237 | 216,351 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 521 | 866 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 152,906 | 116,433 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,085 | 3,997 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **393,787** | **356,914** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 10,656 | 6,482 |
| Ioncam iarchurtha | | 32 | 45 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 11,384 | 15,803 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 6,175 | 4,330 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **28,247** | **26,660** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 365,540 | 330,254 |
| **Glansócmhainní** | | **959,608** | **889,748** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.9 | **959,608** | **889,748** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh míleata | Trealamh cosanta sibhialta | Oifig agus trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,205,447 | 4,704 | 54,644 | 1,264,795 |
| Breiseanna | 88,630 | 183 | 2,701 | 91,514 |
| Diúscairtí | (2,479) | (203) | (2,357) | (5,039) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 1,291,598 | 4,684 | 54,988 | 1,351,270 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 666,242 | 2,273 | 42,798 | 711,313 |
| Dímheas don bhliain | 52,418 | 367 | 4,222 | 57,007 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2,133) | (108) | (2,217) | (4,458) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 716,527 | 2,532 | 44,803 | 763,862 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 [a]** | **575,071** | **2,152** | **10,185** | **587,408** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 539,205 | 2,431 | 11,846 | 553,482 |

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta gabháltais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag láithreacha iolracha ar fud na tíre, ar meascán d'áiseanna oibríochtúla míleata, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta agus réadmhaoin eile iad, faoi mar a leagtar amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

## 2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| | Conarthaí tógála |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna a tugadh anonn ag an 1 Eanáir 2020 | 6,012 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 11,714 |
| Tionscadail a críochnaíodh [a] | (11,066) |
| Suimeanna a tugadh anonn ag an 31 Nollaig 2020 | **6,660** |

Nóta [a] Nuair a chuirtear tionscadail i gcrích a dhéanann talamh agus foirgnimh a fhorbairt, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta (PMG) | 15,697 | 18,570 |
| Iarmhéideanna eile cuntas bainc agus airgid thirim | 1,341 | 697 |
| | **17,038** | **19,267** |

**Cuntais bhainc neamh-Vóta**

Tá 13 chuntas bainc eile ann a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riar sna beairicí. Ní eisítear aon chistiú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. Ba é €16,261 an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2020 (2019: €13,375). Ní chuirtear an t-iarmhéid sin ar áireamh sa tsuim maidir le 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

## 2.4 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Stoic mhíleata [a] | 219,115 | 215,142 |
| Cosaint Shibhialta | 1,045 | 1,135 |
| Páipéarachas | 19 | 18 |
| Ábhair inchaite TF | 58 | 56 |
| | **220,237** | **216,351** |

Nóta [a] B'ionann nithe a díscríobhadh agus stoc míleata imithe as feidhm sa bhliain agus €2.477 milliún.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Párolla | 38 | — |
| Óinchiste | 314 | 724 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 129 | 87 |
| Thar lear | 3 | 30 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 37 | 25 |
| | **521** | **866** |

## 2.6 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Aerárthaí patróil mhuirí | 116,803 | 55,394 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe an fhlít iompróirí armúrtha pearsanra | 8,321 | 21,323 |
| Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha | — | 29,000 |
| Feithiclí iompair saighdiúirí | 5,546 | — |
| Príomharmáil a nuachóiriú | 3,669 | 98 |
| Clár diúracáin sleá | 3,624 | 585 |
| Trealamh Óglaigh na hÉireann a fháil | 2,836 | — |
| Eile | 12,107 | 10,033 |
| | **152,906** | **116,433** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 4 | 629 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 14 | 793 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 250 | 182 |
| Cáin bhreisluacha | 10,677 | 13,345 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 22 | 101 |
| Cáin mhaoine áitiúil | — | 6 |
| Muirear sóisialach uilíoch | — | 156 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | 176 | 15 |
| | 11,143 | 15,227 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 10 | 407 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 231 | 169 |
| | **11,384** | **15,803** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 6,172 | 11,373 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | 3 | (7,043) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **6,175** | **4,330** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 17,038 | 19,267 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 521 | 866 |
| | 17,559 | 20,133 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,143) | (15,227) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (241) | (576) |
| | (11,384) | (15,803) |
| | **6,175** | **4,330** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 889,748 | 828,992 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 756,961 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (6,172) | | |
| Glanvóta | | | 750,789 | 723,940 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 11,510 | 11,257 |
| Míreanna eile (neamhairgid) | | | — | (366) |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a críochnaíodh sa bhliain | 2.2 | | (11,066) | (12,476) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 1,339 | 1,642 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (682,712) | (663,241) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **959,608** | **889,748** |

## 2.10 Ceangaltais

**a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 11,682 | 9,299 |
| Tionscadail chaipitil | 192,324 | 243,620 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **204,006** | **252,919** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin | Caitheamh ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2020 | Caitheamh ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Clár athsholáthair agus tionscadal armála árthaí cabhlaigh | 287,591 | — | 3 | 287,594 | 287,594 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra | 57,246 | 11,262 | 26,492 | 95,000 [a] | 68,000 |
| Tionscadal ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF | 10,754 | 1,368 | 678 | 12,800 | 12,800 |
| Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha | 29,000 | 18,223 | 587 | 47,810 [b] | 43,446 |
| Athoiriúnú lárshaoil LÉ Róisín | 5,681 | 4,941 | 1,678 | 12,300 | 12,300 |
| Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh | 332 | 1,596 | 10,372 | 12,300 | — |
| Aerárthaí patróil mhuirí | 55,394 | 61,409 | 105,299 | 222,102 [c] | 221,578 |
| Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna (FFR) | 4,544 | 4,591 | 9,043 | 18,178 | 18,178 |
| Feithiclí iompair saighdiúirí | — | 5,546 | 19,054 | 24,600 | — |
| Iomlán | **450,542** | **108,936** | **173,206** | **732,684** | **663,896** |

Nóta [a] Mar gheall ar riachtanais bhreise é an méadú €27 milliún ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail nárbh fhéidir iad a thuar i dtosach. Is éard is cúis leis an gcostas méadaithe ná obair bhreise a rinneadh agus acmhainní a soláthraíodh.

[b] Mar gheall gur cuireadh aerárthach eile ar fáil don tionscadal é an méadú €4.364 milliún ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail.

[c] Mar gheall ar chostais bhreise a ndearnadh soláthar dóibh sa bhunchonradh é an méadú €524,000 ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail. Níorbh eol sonraí iomlána na gcostas seo nuair a bronnadh an conradh in 2019.

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár scaoileadh ag deireadh na bliana | **177** | **1,562** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní cinnte aon suim iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 20,400 | 19,691 | 18,586 |
| ii | Taisteal agus cothú | 650 | 374 | 576 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | 315 | 299 | 325 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 660 | 616 | 385 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,256 | 4,090 | 2,308 |
| vi | Costais áitribh oifige | 950 | 1,429 | 805 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 190 | 124 | 46 |
| | | **27,421** | **26,623** | **23,031** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €650,000; toradh €374,000*

Ba shrianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19 ba chúis leis an ngannchaitheamh €276,000.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €950,000; toradh €1.429 milliún*

Ba iad na príomhchúiseanna leis an róchaitheamh €479,000 athchóiriú gan choinne ar fhoirgneamh in oifig na Bruiséile.

## Clár A Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 20,400 | 19,691 | 18,586 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 7,021 | 6,932 | 4,445 |
| A.3 | An Buanfhórsa Cosanta: pá | 438,061 | 405,459 | 418,650 |
| A.4 | An Buanfhórsa Cosanta: liúntais | 47,252 | 46,488 | 44,028 |
| A.5 | An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc. | 1,650 | 1,015 | 1,551 |
| A.6 | Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais | 1,250 | 1,116 | 1,103 |
| A.7 | Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc. | 21,200 | 20,180 | 19,352 |
| A.8 | Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta | 89,500 | 128,436 | 102,476 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus tacaíocht | 17,660 | 20,403 | 17,450 |
| A.10 | Iompar míleata | 18,990 | 21,002 | 16,275 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht | 12,200 | 11,720 | 13,443 |
| A.12 | Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí | 14,680 | 13,009 | 13,791 |
| A.13 | Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil | 28,100 | 20,835 | 23,826 |
| A.14 | Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann | 14,480 | 15,892 | 15,505 |
| A.15 | Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann | 14,340 | 15,390 | 13,133 |
| A.16 | Oideachas míleata agus oiliúint mhíleata | 2,350 | 2,386 | 2,319 |
| A.17 | Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann | 3,578 | 3,236 | 3,908 |
| A.18 | Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann | 7,300 | 6,822 | 6,732 |
| A.19 | Tailte | 800 | 563 | 855 |
| A.20 | Eachaíocht | 900 | 845 | 970 |
| A.21 | Costais dlíthíochta agus chúitimh | 6,800 | 6,997 | 6,417 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | 4,067 | 3,679 | 3,773 |
| A.23 | Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE | 1,947 | 2,445 | 1,839 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin) | 5,540 | 5,493 | 4,735 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann | 965 | 965 | 932 |
| | | **781,031** | **780,999** | **756,094** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá**

*Soláthar meastacháin €438.061 milliún; toradh €405.459 milliún*

B’earcaíocht ní b’ísle ná mar a tuaradh in 2020, ónar eascair líonta ní b’ísle ná mar a raibh coinne leis de phearsanra a bheith ag fónamh sa Bhuanfhórsa Cosanta i rith na bliana, ba chúis leis an nganncháitheamh €32.602 milliún.

**A.5 An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.**

*Soláthar meastacháin €1.65 milliún; toradh €1.015 milliún*

Ba é ba chúis leis an nganncháitheamh €635,000 ná go raibh na leibhéil foirne ní ba lú ná mar a bhí beartaithe agus ba lú an oiliúint íoctha ar thug cúltacairí fúithi, dá bharr, ná mar a raibh coinne leis.

**A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €1.25 milliún; toradh €1.116 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €134,000 mar gheall ar líonta ní ba lú de shéiplínigh a bheith ag fónamh in 2020 ná mar a raibh coinne leis mar thoradh ar mhoilleanna a bhí ar earcaíocht.

**A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta**

*Soláthar meastacháin €89.5 milliún; toradh €128.436 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €38.936 milliún caiteachas breise ar an gclár athsholáthair aerárthaí agus ar threalamh cosanta a sholáthar.

**A.9 An tAerchór: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar meastacháin €17.66 milliún; toradh €20.403 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €2.743 milliún gur ghá dhá fheithicil tuairte a éadáil agus costais mhéadaithe ar shaintraenáil. Rinneadh an róchaitheamh sin a fhritháireamh go páirteach le laghdú ar chostais bhreosla.

**A.10 Iompar míleata**

*Soláthar meastacháin €18.99 milliún; toradh €21.002 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €2.012 milliún gur ghá feithiclí míleata athsholáthair a cheannach. Bhí an róchaitheamh seo fritháirithe go páirteach ag costais bhreosla a bhí ní b’ísle ná mar a raibh coinne leis.

**A.12 Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí**

*Soláthar meastacháin €14.68 milliún; toradh €13.009 milliún*

Ba é ba chúis leis an nganncháitheamh €1.671 milliún ná éifeachtúlachtaí fuinnimh níos fearr i mbeairicí agus an laghdú ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin/traenála mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin €28.1 milliún; toradh €20.835 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €7.265 milliún ná moilleanna ar an gclár caipitil a chur chun cinn, anuas ar láithreáin tógála a dhúnadh agus ar bhearta eile ar ghá tabhairt fúthu mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**A.14 Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €14.48 milliún; toradh €15.892 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €1.412 milliún ná costais bhreise a d'eascair as TCP Covid-19 a fháil agus as costais mhéadaithe éidí. Bhí an róchaitheamh sin frithráirithe go páirteach ag costais lónadóireachta agus soláthairtí a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis.

**A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €14.34 milliún; toradh €15.390 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €1.050 milliún gur ghá trealamh bunriachtanach teileachumarsáide breise a sholáthar.

**A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €3.578 milliún; toradh €3.236 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €342,000 mar gheall ar chostais taistil ní b'ísle ná mar a measadh ar thaisteal intíre agus iasachta mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.18 Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €7.3 milliún; toradh €6.822 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €478,000 gur cealaíodh roinnt coinní agus gnáthaimh leighis mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**A.19 Tailte**

*Soláthar meastacháin €800,000; toradh €563,000*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €237,000 moilleanna ar roinnt tionscadail timpeallachta a bhí ar na bacáin in 2020 nár leanadh ar aghaidh leo mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus ar shrianta gaolmhara.

**A.22 Caiteachas ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €4.067 milliún; toradh €3.679 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €388,000 gur tháinig laghdú substainteach ar imeachtaí searmanais oifigiúla mar gheall ar phaindéim Covid-19. Bhí moill freisin ar obair ar shaintionscadail a bhí beartaithe d'iarshaighdiúirí.

**A.23 Costais Chomhbheartas Slándála agus Cosanta AE**

*Soláthar meastacháin €1.947 milliún; toradh €2.445 milliún*

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €498,000 ná méadú ar chostais choiteanna AE agus ar chistiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | 8,113 | 13,234 | 14,919 |
| 2 | Fáltais ó AE maidir le costais cosanta iascaigh | — | — | — |
| 3 | Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | 1,300 | 1,445 | 1,333 |
| 4 | Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla | 90 | 140 | 175 |
| 5 | Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht | 450 | 347 | 766 |
| 6 | Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht | 20 | 25 | 24 |
| 7 | Fáltais ó bhreosla eitlíochta | 40 | 48 | 16 |
| 8 | Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin | 50 | 104 | 243 |
| 9 | Tailte agus áitreabh | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 462 | 407 | 560 |
| | (b) díolacháin | 650 | 1 | 217 |
| 10 | Stórtha farasbairr a dhíol | 100 | 311 | 83 |
| 11 | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 50 | 67 | 75 |
| 12 | Ilghnéitheach | 300 | 601 | 690 |
| 13 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,345 | 12,475 | 12,551 |
| 14 | Ciste na gCuntas Díomhaoin | 1,100 | 1,005 | 502 |
| | **Iomlán** | **24,070** | **30,210** | **32,154** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas fáltas (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €6.14 milliún ní ba mhó ná mar a tuaradh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.**

*Meastachán €8.113 milliún; réadaithe €13.234 milliún*

Bhí an farasbarr €5.121 milliún mar gheall ar fháltais ní ba mhó ná mar a raibh coinne leis ó NA maidir le costais trealaimh agus saighdiúirí. Is deacair uainiú fáltas ó NA a thuar. Féach Nóta 6.1.

**3 Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile**

*Meastachán €1.3 milliún; réadaithe €1.445 milliún*

Ba é ba chúis leis an bhfarasbarr €145,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais as slándáil faoi airm a sholáthar.

**5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht**

*Meastachán €450,000; réadaithe €347,000*

Ba é ba chúis leis an easnamh €103,000 ná gur cuireadh ní ba lú ciondálacha ar fáil d'Óglaigh na hÉireann ná mar a raibh coinne leis.

**9 Talamh agus áitreabh**

*Meastachán €1.112 milliún; réadaithe €408,000*

Bhí an t-easnamh €704,000 mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar réadmhaoin mhíleata farasbairr a dhíol.

**10 Stórtha farasbairr a dhíol**

*Meastachán €100,000; réadaithe €311,000*

Ba é ba chúis leis an bhfarasbarr €211,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais as fuíollábhar ann.

**12 Ilghnéitheach**

*Meastachán €300,000; réadaithe €601,000*

Ba é ba phríomhchúis leis an bhfarasbarr €301,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais i dtaca le haisíocaíochtaí as táillí traenála agus oideachais.

**13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €11.345 milliún; réadaithe €12.475 milliún*

Tháinig an farasbarr €1.13 milliún aníos mar gheall gur deacair fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann, nuair a chuirtear an raon saincheisteanna san áireamh ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna, lena n-áirítear liostáil, scoir, réimse liúntas etc.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach pá | — | 12 |
| A aistríodh chuig an Státchiste | — | (12) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **9,396** | **9,477** |

## 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 403,752 | 416,033 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 220 | 244 |
| Ragobair | 373 | 339 |
| Liúntas sealoibre agus uainchláir | 240 | 228 |
| Liúntais mhíleata agus eile | 40,515 | 37,142 |
| ÁSPC an fhostóra | 40,972 | 39,888 |
| **Pá iomlán [a, b]** | **486,072** | **493,874** |

Nóta [a] Ní chuirtear ar áireamh sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, arb ionann é sin agus ceathrar pearsanra agus pá iomlán €273,097. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith le chéile.

[b] Is ionann pá iomlán agus gnéithe pá Fhotheidil A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

## 5.3 Státseirbhísigh

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Coibhéisí lánaimseartha | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 357 | 351 |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 18,337 | 17,358 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 87 | 95 |
| Liúntais eile | 51 | 50 |
| Ragobair | 99 | 92 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,117 | 991 |
| **Pá iomlán** | **19,691** | **18,586** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 12 | 2 | 20,722 | 20,505 |
| Liúntais eile | 14 | — | 8,645 | 8,505 |
| Ragobair | 66 | 1 | 23,551 | 13,821 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 10 | 2 | 15,410 | 14,726 |

## 5.4 Fostaithe sibhialtacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Coibhéisí lánaimseartha | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 444 | 442 |

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 16,882 | 16,049 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 133 | 149 |
| Ragobair | 274 | 247 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 240 | 228 |
| Liúntas am taistil | 445 | 444 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 202 | 200 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,831 | 1,787 |
| **Pá iomlán** | **20,007** | **19,104** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 63 | — | 9,361 | 11,465 |
| Ragobair | 128 | — | 9,375 | 9,298 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 36 | 4 | 15,935 | 15,265 |
| Liúntas am taistil | 62 | 16 | 13,257 | 12,890 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 262 | — | 3,298 | 3,235 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 168 | 36 | 26,158 | 26,413 |

## 5.5 Buanfhórsa Cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Coibhéisí lánaimseartha | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 8,595 | 8,684 |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá agus liúntais i gcomhair seirbhís mhíleata | 368,533 | 382,626 |
| Liúntais thar lear | 19,371 | 20,751 |
| Liúntais i gcomhair dualgas slándála | 14,186 | 8,905 |
| Liúntas i gcomhair dualgas ar an teorainn | 2,128 | 2,121 |
| Liúntas i gcomhair dualgas patróil | 1,743 | 2,469 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 2,389 | 2,202 |
| ÁSPC an Fhostóra | 38,024 | 37,110 |
| **Pá iomlán** | **446,374** | **456,184** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais thar lear | 1,631 | 916 | 41,376 | 39,184 |
| Liúntais i gcomhair dualgas slándála | 7,449 | 31 | 21,815 | 18,823 |
| Liúntas i gcomhair dualgas ar an teorainn | 493 | — | 5,840 | 12,710 |
| Liúntas i gcomhair dualgas patróil | 572 | — | 9,015 | 10,668 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 826 | 97 | 15,147 | 16,132 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2,720 | 1,072 | 41,024 | 34,532 |

## 5.6 Íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Rinneadh íocaíocht €74,797 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 as sochar comhchineáil maidir le táillí reachtúla ospidéil phoiblí a gearradh ar chleithiúnaithe le comhaltaí liostáilte den Bhuanfhórsa Cosanta in 2019.

## 5.7 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €1,000,879 ar an iomlán, le 31 phearsa Óglaigh na hÉireann a bhí ar scor agus a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, arbh íocaíochtaí idir €899 agus €72,974 iad, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2020. Anuas air sin, íocadh €34,973 ar an iomlán, arbh íocaíochtaí idir €260 agus €6,441 iad, le 22 fhostaí sa tseirbhís phoiblí a bhí ar scor a raibh pinsin seirbhíse poiblí a bhfáil acu, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2020. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €160,707 maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di agus nach ndearna an Roinn a dtuarastail a fhorchúiteamh.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais. D'íoc na ranna/na hoifigí ina raibh siad ag fónamh a dtuarastail.

## 5.9 Ró-Íocaíochtaí párolla

| Ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon na bhfaighteoirí | 137 | 185 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 45 | 70 |
| | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 175,210 | 196,132 |
| Luach na bpleananna aisghabhála | 78,454 | 122,054 |

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2020.

## 5.10 Cóireáil leighis

Cuireadh seirbhísí d'othair chónaitheacha agus sheachtracha ar fáil don phearsanra liostáilte agus dá gcleithiúnaithe in ospidéil phoiblí gan an muirear reachtúil a chur i bhfeidhm.

## 5.11 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta ar luach iomlán €17,184 agus scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €42,671 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

| **Grád** | **Scaoilíocaíocht** | **Blianta breise de sheirbhís bharúlach** | **Pinsean a íoc go luath gan aon laghdú achtúireach (blianta)** |
|---|---|---|---|
| | **€** | | |
| Coibhéis Phríomhoifigigh | 24,098 | — | — |
| Coibhéis Oifigeach Cléireachais | 18,573 | — | — |
| **Iomlán** | **42,671** | | |

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Misin thar lear

Tá sa chuntas seo na suimeanna a thugtar le fios thíos maidir le luach saothair an phearsanra mhíleata a fhónann le hoibríochtaí tacaíochta síochána NA agus AE agus le heagraíochtaí éagsúla, anuas ar chostais taistil agus chothaithe agus iompair:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin NA agus AE:** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 31,235 | 36,283 |
| UNDOF (Arda Golan) | 12,581 | 11,273 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,463 | 1,468 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 567 | 569 |
| Misin eile na NA agus an AE | 4,878 | 4,164 |
| | 50,724 | 53,757 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 2,103 | 1,896 |
| Cathghrúpa na Gearmáine | 1,611 | 361 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 183 | 28 |
| Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil) | 682 | 229 |
| **Iomlán** | **55,303** | **56,271** |

As an tsuim €50.72 milliún a sonraíodh do mhisin na Náisiún Aontaithe agus AE, baineann €6.9 milliún le misin, a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuílleach €43.82 milliún le UNIFIL agus UNDOF a ndearnadh socruithe i ndáil leo leis na Náisiúin Aontaithe go ndéanfar costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú na n-aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin.

Ba í an tsuim féin a fuarthas ó NA trí leithreasaí-i-gcabhair in 2020 ná €13.2 milliún, ina raibh suim €6.8 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €6.4 milliún le haghaidh costais trealaimh. Ba í €3.2 milliún an tsuim a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana (costais phearsanra €1.7 milliún agus costais trealaimh €1.5 milliún).

## 6.2 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Tá suim iomlán €519,629 sa chuntas seo maidir le luach saothair pearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíocha agus costais riaracháin áirithe ghaolmhara.

## 6.3 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas laistigh den bhliain.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Damáiste d'fheithiclí míleata | 73 | 73 |
| Caillteanas, nó damáiste stóras, trealaimh nó réadmhaoine | 35 | — |
| Fiachas a díscríobhadh | 11 | — |

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán 2020 | Iomlán 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fostaithe an Vóta** | | | | | | |
| Cásanna díobhála pearsanta | 218 | 1,340 | 2,787 | 1,460 | 5,587 | 3,996 |
| Cásanna a bhaineann le riarachán/fostaíocht | 697 | 128 | 296 | 748 | 1,172 | 1,208 |
| **Daoine den phobal** | | | | | | |
| Díobháil phearsanta | 33 | 13 | 83 | 263 | 359 | 1,196 |
| | | **1,481** | **3,166** | **2,471** | **7,118** | **6,400** |

Nóta Baineann na figiúirí thuas le gach cás ina ndearnadh íocaíochtaí in 2020. Áirítear leo sin cásanna a réitíodh i mblianta roimhe seo, iad siúd a réitíodh in 2020 agus iad siúd atá ar bun go fóill.

## 6.5 Eadráin agus idir-réiteach

Tabhaíodh costais €3,000 in 2020 (2019: €28,674). Níor réitíodh aon chásanna ar bhreithniú, ar eadráin agus/nó ar idir-réiteach in 2020 (2019: cúig chás).

## Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

### 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| Maoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 51.24 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.22 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí | 4.23 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.40 |
| Áitreabh RDF, Cill Chrócháin | 0.40 |
| Plásóg Chuimhneacháin Mhíchil Uí Choileáin, Béal na mBláth | 0.004 |
| Áitreabh RDF, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh RDF, Mala | 0.03 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear ionad séarachais ar thalamh in aice láimhe | 276.93 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.40 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 216.10 |
| Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh RDF, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,968.12 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Uimh. 2, 78, agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach | 0.06 |
| Dún Mhic Aodha, Cill Dara | 1.99 |
| Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach | 14.37 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |

| Maoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh RDF, an Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Iar-Dhún Míleata, Biorra | 1.98 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Carna | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.28 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré | 1.95 |
| Post Maor Raoin, an Seisceann | 0.40 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

## 2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

| Maoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh RDF, Inis | 0.10 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar do TII | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach [b] | 33.99 |
| Fort Davis, an Geata Bán | 22.04 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 14.97 |
| Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| Cé Tuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 337.01 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 18.62 |
| Uimh. 17-28 Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 0.27 |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7 | 18.21 |
| 64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7 | 0.02 |
| Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | 0.01 |
| **Laois** | |
| Áitreabh RDF, Port Laoise | 0.03 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |
| **Maigh Eo** | |
| Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 2.43 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 1.20 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.16 |

| Maoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.40 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 636.98 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

[b] Arna aistriú go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar iarláithreán ISPAT.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn é | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann | 2019 | 30 M.F. 2020 | 23 Nol. 2020 | 12 Fea. 2021 |
| Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann | 2019 | 25 Meith. 2020 | 9 Iúil 2020 | 21 M.F. 2020 |